



Sacar na mBan Beo - Séasúr 2027

1

2

3

4

5

Dáta Deiridh d'Iarratais: 12:00, an 23 Deireadh Fómhair 2026

Tá córas coimisiúnaithe nua, TG4 eCoimisiúin, i bhfeidhm ag TG4. Ní mór duit clárú ar an gcóras nua chun iarratas a dhéanamh. <https://ecoimisiuin.tg4.ie>

Fáilteoidh TG4 roimh smaointe ó léiritheoirí agus ón earnáil léiriúcháin teilifíse do chlúdach beo ar chluichí Shacar na mBan FAI do TG4 idir Márta 2027 agus Deireadh Fómhair 2027. Is conradh bliana atá i gceist don bhliain 2027 ach d'fhéadfaí cur leis amach anseo.

Is riachtanas de chuid TG4 é go mbeadh eolas ag comhlacht ar bith a mbronnar coimisiúnú air ar Chaighdeán agus Treoirínte Iriseoireachta Chláir TG4, ar Pholasáí Comhlíontachta TG4 agus ar na hoibleagáidí reachtúla agus rialála atá i gceist faoin Acht Craolacháin 2009 chomh maith le heolas a bheith acu ar Chóid agus Rialacha ábhartha Choimisiún na Meán (CnaM.ie).

Sacar Beo (Sacar na mBan)

17 gcluiche beo ar an iomlán a bheidh le léiriú as na comórtais seo a leanas:

- 13 chluiche i bPríomhroinn SSE Airtricity Shacar na mBan
- 1 chluiche - Cluiche Ceannais an Choirn Uile-Oileáin
- 3 chluiche i gCorn FAI na mBan Sports Direct -Dhá Chluiche Leathcheannais agus Cluiche Ceannais FAI na mBan Club Orange
- Beidh an rogha ann cluichí eile a chraoladh beo ar ardán YouTube Spórt TG4 / Seinnteoir TG4 (eolas breise thíos)

Tréimhse / Dátaí: Cluichí Shacar na mBan idir Márta 2027 agus Deireadh Fómhair 2027

Fad: Dhá uair an chloig beo in aghaidh an chláir.

Sonraí Teicniúla don léiriú do TG4:

Is i nGaeilge a chraoltar Sacar Beo ar TG4, agus mar sin is príomhriachtanas é go mbeadh Gaeilge ag an bhfoireann léirithe.

Beidh TG4 ag iarraidh ar chomhlachtaí na nithe seo a leanas a chur ar fáil:

- Seirbhís iomlán léirithe
- Áiseanna OB le haghaidh imeachtaí beo spóirt
- EVS / Athfhéachaint
- An tallann, lena n-áirítear an fhoireann tráchttaireachta agus láithreoireachta

- Grafaicí, oscailt agus stoingí
- VTanna
- Staitisticí
- Gineadóir Déshioncronaithe
- An fotha a sheachadadh go TG4 (Satailít, snáthoptaic, SRT nó eile). Glacfar le moltaí ó thaobh sheachadadh an fhotha bheo (Satailít, snáthoptaic, SRT nó eile). (Más ceangal satailíte é -18mhz)

Sonraí eile le cur san áireamh – tá costas agus buiséad ag teastáil do na sonraí thíos:

- Do na Cluichí Sraithe, Príomhroinn SSE Airtricity Shacar na mBan, Cluiche Ceannais an Choirn Uile-Oileáin agus Cluichí leathcheannais FAI na mBan.
- 16 cheamara ar fad

Rogha A	Rogha B
<u>9 gceamara ar fad</u> • 6 cheamara (cábalaí) • 1 cheamara a bhfuil aeróg air • 2 mhioncheamara don chúil Tá eolas ag teastáil faoi mhéid gach lionsa mar aon le sonraíocht iomlán theicniúil na gceamaraí.	<u>7 gceamara ar fad</u> • 6 cheamara (cábalaí) • 1 cheamara a bhfuil aeróg air nó moltaí eile (ceamara a bhfuil aeróg air mar rogha) Tá eolas ag teastáil faoi mhéid gach lionsa mar aon le sonraíocht iomlán theicniúil na gceamaraí.

Do Chluiche Ceannais FAI na mBan - Cluiche amháin.

Rogha A	Rogha B
<u>12 cheamara ar fad</u> • 10 gceamara (cábalaí) • 2 cheamara a bhfuil aeróg orthu • Drón (Tá eolas ag teastáil faoi mhéid gach lionsa mar aon le sonraíocht iomlán teicniúil na gceamaraí)	<u>9 gceamara ar fad</u> • 8 gceamara (cábalaí) • 1 cheamara a bhfuil aeróg air • Drón (Tá eolas ag teastáil faoi mhéid gach lionsa mar aon le sonraíocht iomlán teicniúil na gceamaraí)

YouTube

Beidh cluichí eile le craoladh beo ar ardán YouTube Spórt TG4 / Seinnteoir TG4:

- 1 cheamara (ceamara singil)
- Tráchtairacht, grafaicí, seachadadh chuig YouTube.
- Costas scafaill (nuair is gá scafall a úsáid ar an láthair)

Do na cluichí beo ar an bpríomhchainéal:

- Soilse: Soilse ar thaobh na Páirce – Soilse don áit a ndéanfar na hagallaimh
- Costas don bhord láithreoireachta agus do bhoscaí na maidhceanna (ar a mbeidh brandáil Spórt TG4 agus a bheidh aontaithe le Rannóg Cruthaitheach TG4).
- Costas scafaill ag teastáil do 8 gcluiche.
- VTanna: Costas chun taifeadadh agus eagarthóireacht a dhéanamh ar fhíseán gearr seachtainiúil a bheidh le húsáid roimh an gcluiche beo agus ar ardáin meán sóisialta Spórt TG4 (1 x VT roimh an gcluiche).
- Rogha agus moltaí cruthaitheacha de staitisticí agus grafaicí a bheadh le feiceáil ar an scáileán le linn an chraolta bheo agus ag leath ama agus ag deireadh an chluiche.

Eolas atá riachtanach don iarratas:

Beidh ainmneacha an Stiúrthóra, an Léiritheora, na Láithreoirí, na dTráchtairí, an lucht Anailíse, na gComhthráchtairí, aionna ag teastáil don iarratas.

Caithfear an buiséad iomlán a chur ar fáil ar fhoirm bhuiséid TG4. Tá teimpléad le fáil ar: <https://www.tg4.ie/ga/coimisiuin/coimisiunu/>

Beidh cearta saoil trasardáin ar fud an domhain ag TG4 ar an ábhar seo.

Ar mhaithe le dea-chleachtas agus chun a chinntiú go bhfuil úsáid mhaith á baint as airgead poiblí agus go bhfuil an leas is fearr á bhaint amach lenár mbuiséad, ní bheidh TG4 in ann conradh léirithe a bhronnadh mura mbeidh gach conradh coimisiúnaithe ó 2026 agus roimhe sin suas chun dáta de réir na dtéarmaí atá sa chonradh. Ag am an iarratais, má tá conradh ag an gcéim dheiridh den chonradh, beidh tuairisc ar chaiteachas agus an páipéarachas ar fad le cur ar aghaidh ionas go mbeidh TG4 in ann tús a chur leis an iniúchadh sular féidir iarratas a mheas.

Eolas Eile d'Iarrthóirí

Ní mór do chomhlachtaí léiriúcháin a chinntiú ar dtús go bhfuil siad cláraithe ar ár gcóras eCoimisiúin <https://ecoimisiuin.tg4.ie/> Ní mór gach togra a chur ar aghaidh go leictreonach chuig TG4 tríd an gcóras eCoimisiúin.

Ní mór iarratais a dhéanamh roimh an spriocdháta (**12:00, 23/10/2026**) agus iad a chur ar aghaidh trí **'Sacar na mBan Beo - Séasúr 2027'** a roghnú ón roghchlár. Cuirfear in iúl duit, go huathoibríoch, nuair a bheidh do thogra curtha ar aghaidh. Ní ghlacfar le tograí nuair a bheidh an spriocdháta deiridh molta caite.

Is féidir ceist ar bith faoin mbabhta seo agus faoi oiriúnacht an tionscadail a sheoladh chuig Rónán Ó Coisdealbha:- ronan.o.coisdealbha@tg4.ie

Glacfar le hiarratas ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir na hoibleagáidí reachtúla iomchuí uile.

Níl dualgas ar TG4 glacadh leis an iarratas is ísle i bpraghas, ná le haon iarratas.

Beidh sé de cheart ag TG4 freisin athbhreithniú nó athrú a dhéanamh ar na sonraí agus ar líon na gclár a bhfuil súil aige a choimisiúnú.

Beidh aon chonradh ag brath ar Dheimhniú Imreítigh Cánach a bheith agat ó na Coimisinéirí Ioncaim.

Caithfear a bheith cláraithe mar Chuideachta Theoranta.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise: Cuirtear iarrthóirí ar an eolas gur ceadmhach eolas a sholáthraítear a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba chóir d'iarrthóirí aird a tharraingt ar aon fhaisnéis íogair (más ann di) agus an chúis go bhfuil an fhaisnéis sin íogair a lua. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh dualgas ar TG4 faisnéis a eisiúint, fiú más dóigh leis an iarrthóir gur faisnéis íogair í agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4.

Ní ann d'aon chineál ceangail – conradh ná aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníofa ag nó thar ceann TG4.